



UCC

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

Plean Daoine agus Cultúir COC 2025–2028

Clár

Réamhrá	3
Focal ónár nUachtarán, an tOllamh John O'Halloran	4
Ag dul i ngleic le hAthruithe ar Shaol na hOibre	5
Focal ónár bPríomhoifigeach Daoine agus Cultúir, Ashley Flaherty	6
Ár Misean agus Luachanna	7
Réamhrá lenár bPlean Daoine agus Cultúir	9
Tosaíocht 1: Mealladh agus Coinneáil	10
Tosaíocht 2: Cultúr agus Folláine	11
Tosaíocht 3: Ceannaireacht a Spreagadh	12
Tosaíocht 4: Dul chun cinn le Saothar agus Fás	13
Tosaíocht 5: Éifeachtúlacht Eagraíochtúil	14
Bearta ár Rathúlachta	16
Plean Gníomaíochtaí	18



Réamhrá

Mar Údarás Rialaithe, aithnímid nach féidir neart agus dul chun cinn COC a scarúint ón gcultúr a chothaíonn sé. Ní hamháin go bhfuil cultúr dearfach, ionchuimsitheach agus ardfeidhmíochta mar chuid lárnach d'eispéireas bhaill foirne agus mhic léinn COC—tá géarghá lena leithéid chun tosaíochtaí straitéiseacha ár misin acadúil a bhaint amach chun go mbeimis go buan feasta.

Dearbhaímid go hiomlán an Plean Daoine agus Cultúir mar chumasóir straitéiseach de bharr feabhais na hinstitiúide. Creat cuimsitheach atá bunaithe ar fhianaise is ea é ina dtéitear ó uailmhian go gníomh. Téitear i ngleic sa phlean seo leis na gnéithe is tábhachtaí d'fheidhmíocht eagraíochtúil: foireann den scoth a mhealladh

agus a choinneáil, claochlú cultúrtha, folláine, ceannaireacht, cumas digiteach agus éifeachtúlacht na hinsititíuide.

Léirítear sa phlean ollscoil atá ag éisteacht, ag éabhlóidiú agus meáite ar bheith ag an roth stiúrtha. Tá croíluachanna COC mar bhonn leis agus leagtar amach ann cosán soiléir ina gcumasaítear a dhaoine agus ina gcruthaítear coinníollacha rathúlachta i ndomhan atá ag athrú go tapaigh. Tá an tÚdarás Rialaithe tiomanta do chur i bhfeidhm agus tionchar an phlean a mhaoirsiú agus é muiníneach go mbeidh fiúntas le dealramh ag baint leis an bplean seo do phobal na hollscoile agus don tsochaí

Sean O'Driscoll

Cathaoirleach Údarás Rialaithe COC



Focal ónár nUachtarán, an tOllamh Professor John O'Halloran

I gColáiste na hOllscoile Corcaigh (COC), is iad ár ndaoine bunús ár rathúlachta.

Agus sinn ag plé le domhan atá ag athrú go tapaídh, fanaimid tiomanta do lucht saothair a chothú atá ionchuimsitheach, nuálach, ullamh don todhchaí, agus a léiríonn stair shaibhir agus fíis uailmhianach ár n-ollscoile. Ráiteas cróga atá sa Phlean Daoine agus Cultúir seo ar ár dtiomantas d'fhoireann den scoth a mhealladh agus a choinneáil. Leagtar amach sa phlean seo treochlár straitéiseach ar an infheistíocht a dhéanfaimid inár ndaoine agus ar an gcultúr a chothóimid atá bunaithe ar chomhoibriú, ionchuimsiú agus fás leanúnach. Tá sé deartha chun deimhin a dhéanamh de gur féidir le gach ball dár bpobail bláthú, iad ag cur le feabhas teagaisc agus taighde na hollscoile chomh maith lena tionchar sochaíoch.

Dearbhaímid an athuair leis an bplean seo go bhfuilimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina léirítear meas dár bhfoireann, ina dtacaítear leo agus ina gcumasaítear leo a bheith ag baile, agus a lánacmhainneacht a chomhlíonadh.

Tá fáilte romhat an Plean Daoine agus Cultúir seo a léamh mar go mbaineann sé linn go léir.

An tOllamh John O'Halloran
Uachtarán



Ag dul i ngleic le hAthruithe ar Shaol na hOibre

I gColáiste na hOllscoile Corcaigh (COC), tuigimid go bhfuil saol na hoibre ag athrú – agus táimidne leis. Is ar dhaoine a dhírímid.

Tá áit oibre á cruthú againn ina dtagann nuálaíocht, cruthaitheacht agus folláine le chéile chun COC a thógáil atá níos solúbtha agus réidh don todhchaí. Le blianta beaga anuas, tá cúrsaí uathoibrithe agus uirlisí digiteacha sa treis – le teacht na dteicneolaíochtaí cliste ar nós AI agus uathoibrithe, tá daoine á gcur i lár na nuálaíochta in áiteanna oibre agus na huirlisí seo á n-úsáid chun tacú le cruthaitheacht, luachanna agus cuspóirí an duine dhaonna.

Táimidne ag glacadh go fonnmhar leis an athrú seo in COC. Tá lucht saothair lúfar á chruthú againn agus tacaítear leis agus é ag fás, ag stiúrú agus ag athrú.

Tá sé i gceist lenár bPlean Daoine agus Cultúir áit oibre a chruthú atá ar nós pobail, é ionchuimsitheach, solúbtha agus gríosaithe ag cuspóirí.

Agus infheistíocht á déanamh againn ar cheannaireacht, scileanna agus cumas digiteach, tá daoine á gcur sa chéad áit againn – i dtreo is go mbeidh COC mar cheannaire san ardoideachas ar nuálaíocht atá bunaithe

Ní hamháin gur cuid den athrú iad ár ndaoine – déanann siad é a ghríosú.



Focal ónár bPríomhoifigeach Daoine agus Cultúir, Ashley Flaherty

In COC, is iad na daoine croí gach a ndéanaimid. Bíodh taighde ceannródaíoch ar bun agat, ag tacú le mic léinn, nó ag cabhrú le ceartriardh an champais – tá tábhacht le gach ról agus gach duine.

Baineann ár bPlean Daoine agus Cultúir le COC mar áit oibre a bhfuil na daoine atá ag obair anseo bródúil as. Is mian linn go mbraitheann gach duine tacíocht, meas agus iad spreagtha chun fáis – ní hamháin mar fhos-taithe, ach mar chuid de phobal bisiúil.

Tá an plean mar chuid lárnach d'fhís leathan COC (Go Buan Feasta - Plean Straitéiseach COC 2023 – -2028), ina ndéantar daoine a nascadh agus a chumasú chun todhchaí inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a chruthú trí thimpeallacht agus cultúr inar féidir dul i mbun taighde agus foghlaim chlaochlaitheach ar mhaithe leis an tsochaí agus le maoirseacht ár bpláinéid. Mar ollscoil diantaighde, aithnítear sa phlean seo obair fhíorthábhachtach ár ndaoine go léir – iad siúd

a chuireann taighde chun cinn i saotharlanna, seomraí ranga agus sa ghort, go dtí na daoine a chumasaíonn agus a thacaíonn le fionnachtain, teagasc agus nuálaíocht ar fud na hollscoile.

Tá creideamh simplí mar chroí aige seo ar fad: nuair a bhláthaíonn ár ndaoine, bláthaíonn ár n-ollscoil. Leagtar amach sa phlean seo ár dtosaíochtaí straitéiseacha, ár ngníomhartha agus ár luachanna chun áit oibre a chruthú ina mbraithimid ag baile, ina gcloistear ár nguthanna agus inar féidir linn an obair is fearr a dhéanamh.

Tá sé múnlaite ag smaointe agus léargais ár mball foirne, fréamhaithe i ndea-chleachtas agus curtha in oiriúint do láidreachtaí agus cuspóirí ar leith de chuid COC.

Is é seo ár bPlean Daoine agus Cultúir. Tá ról le himirt ag gach duine chun cultúr a chruthú ina léirítear sinn agus ár gcuid uailmhianta.

Ár Misean agus Luachanna

Ár Misean

Tá sé mar mhisean ag COC timpeallacht agus cultúr ionchuimsitheach a chruthú agus a chothú a éascaíonn taighde agus foghlaim chlaochlaithe ar mhaithe leis an tsochaí agus lenár bpláinéad

Ár Luachanna

Tá sé tábhachtach go mbeadh luachanna soiléire againn mar chabhair dúinn le gníomhartha agus cinntí laethúla. Pobal ar leith sinn leis na luachanna seo againne agus iad le feiscint san fhocal CAIRDEAS. In COC, tá na luachanna seo mar threoir dúinn chun nascadh lenár bpobal agus lenár bpáirtithe áitiúla agus domhanda.

Is iad luachanna COC:

Báúlacht,
Lúfaireacht,
Ionracas,
Meas,
Fionnachtain,
Cothromas,
Cuntasacht,
Inbhuanaitheacht







Réamhrá lenár bPlean Daoine agus Cultúir

Is ann dár bPlean Daoine agus Cultúir chun tacú leis an Ollscoil a plean straitéiseach a bhaint amach. Tacaíonn sé le Cuspóir 4 de Phlean Straitéiseach COC – Ár ndaoine agus Ár gcultúr (*Go Buan Feasta - Plean Straitéiseach COC 2023-2028*) agus cinntítear ann go bhfuil ár ndaoine, ár gcultúr agus ár luachanna i gcoirílár gach a ndéanaimid.

Tá ár bPlean Daoine agus Cultúir bunaithe ar chúig thosaíocht straitéiseacha:



Cúis mhórtais dúinn in COC ár ndaoine cumasacha agus tacófar lenár ndaoine inár gcuid gníomhartha go léir le go mbeidh iad sona agus rathúil agus a gcuid uailmhianta gairme á mbaint amach acu.

Spreagfaimid, ullmhóimid agus gríosóimid ar bpobal ceannaireachta chun timpeallacht a chruthú ina mbláthaíonn gach duine.

Díreoidimid ar thacú le forbairt gairmiúil agus le slite chun dul chun cinn a dhéanamh agus chun ardú céime a fháin inar féidir lenár ndaoine go léir fás gairmiúil agus ardfheidhmíocht a bhlaiseadh.

Cinnteoimid go leanfaidh COC mar áit iontach oibre agus staidéir agus ár ndaoine agus ár gníomhaíochtaí cultúrtha a chur faoi réir ag ár **gCreat Straitéiseach agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú** agus sinn ag forbairt agus ag cur lenár mbunús chun éagsúlacht a cheiliúradh, nualaíocht a chothú agus comhoibriú a spreagadh. Tá éifeachtúlacht eagraíochtúil mar chroílár ar bplean, rud a chinntíonn go bhfuil ár n-ollscoil ullamh agus ábalta ar dhul i ngleic le riachtainais ghnó atá ag athrú agus go bhfuil an t-eispéireas is fearr ag ár ndaoine mar fhosaithe ag gach céim dá ngairmeacha. Go ceann na gcéad trí bliana eile bainfimid ár gcuid tosaíochtaí straitéiseacha amach.



Tosaíocht 1.

Mealladh agus Coinneáil

In COC, aithnímid go bhfuil ár ndaoine mar chroílár ár gcuid rathúlachta.

Chun foireann den scoth a mhealladh agus choinneáil, cuirfimid straitéis earcaithe dhomhanda i bhfeidhm mar fhostóir ceannródaíoch san ardoideachas.

Tá sé mar chuspóir againn deimhin a dhéanamh de go gcuireann COC eispéireas ar fáil do gach fostaí atá ionchuimsitheach, tairbheach agus meallcach ina gcothaítear lucht saothair atá faoi bhláth agus ina dtacaítear le barr feabhais acadúil.

Agus géariomaíocht san Ardoideachas anois, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí an fhoireann is fearr a mhealladh agus a choinneáil.

Cuirfimid lenár mbranda mar fhostóir chun iarrthóirí éagsúla den chéad scoth a mhealladh.

Díreofar sna straitéisí coinneála ar fhorbairt ghairmiúil, cosáin ardaithe céime, atheantas agus cruthófar cultúr ionchuimsitheach inar féidir le gach ball foirne bláthú.

Anuas air sin, cinnteoidimid go mbainfear leas éifeachtach as ár bhfoireann den scoth agus buanna aonair á chur in oiriúint do riachtanais na hisnitúide ag cur deiseanna fairs ghairmiúil ar fáil.

Príomh-Thionscnaimh:

- **Straitéis Dhomhanda chun Foireann den scoth a Earcú**
Ag cur lenár gcur chuige chun an fhoireann is fearr ar fud an domhain a aithint agus a mhealladh chugainn.

- **Luach Tairsiceana Fostóra (LTF) a Fhorbairt**
COC mar áit iontach oibre a shainmhíniú agus a chraobhscaoileadh.

- **Próisis Earcaithe atá Cuíchóirithe agus Cumasaithe ag an Teicneolaíocht**
Leas a bhaint as uirlisí digiteacha chun eispéireas earcaithe atá níos éifeachtúla agus níos éasca don úsáideoir a chruthú.

- **Teaghlach Post agus Creata Cumas**
Sainmhíniú soiléir ar chosáin ghairme agus forbairt scileanna.

An bhrí leis seo dár ndaoine agus dár nOllscoil:

- Go bhforbrófaí **ár ndea-theist** mar fhostóir iontach go háitiúil agus ar fud an domhain.

- Go **bhfeabhsófaí eispéireas an iarrthóra** le próisis earcaithe agus roghnaithe atá níos tapúla agus níos éasca.

- Go **laghdófaí ualach na hoibre** nuair a earcófar bainisteoirí agus uirlisí uathobrithe in úsáid.

- Go **bhfeabhsófaí anailís sonraí** chun gníomhaíochtaí earcaithe sonraithe a chur i bhfeidhm atá faoi réir ag pleananna straitéiseacha an lucht saothair.

- Go mbeadh **daoine dea-fhorbartha** againn atá réidh chun glacadh le deiseanna gairme.



Tosaíocht 2.



Cultúr agus Folláine

Tá cultúr láidir agus ionchuimsitheach riachtanach chun pobal agus baile a chruthú in COC. Tá sé mar aidhm againn ár gcultúr oibre a athrú ó bhonn agus luachanna comhoibrithe, ionchuimsitheacha agus foghlama leanúnaí a leabú.

Leis an athrú go dtí samhlacha cianoibre agus oibre solúbtha, ní mór dúinn pobal COC a athshamhlú ó thaobh comhoibrithe, oibríochta agus muintearais de. Cuirfidh ár straitéis feabhas ar uirlisí comhoibrithe ghafa, cuirfidh sé treoir shoiléir ar dhea-chleachtais cianoibre agus cinnteoidh sé go dtacaíonn teicneolaíocht le tairgiúlacht agus caidreamh. Mar chuid de seo, ní mór dúinn leas iomlán a bhaint as ár spás fisiciúil le haghaidh idirghníomaíochtaí hibrídeacha agus ionchuimsiú a chothú do gach ball foirne.

Tá gá le caidreamh leanúnach chun lucht saothar a chothú atá ardaidhmeannach agus dícheallach. Cuirfidh feabhas ar bhealaí cumarsáide inmheánacha, cruthóimid deiseanna breise dár ndaoine chun aiseolas a sholáthar agus cuirfidh tús le tionscnaimh eile ina ndéantar gaiscí agus éachtaí a cheiliúradh.

Cuirfidh le guth an fhostóra le fóraim struchtúrtha agus cinnteoidh comhrá leanúnach go n-éistfear cách, go léirítear meas dóibh agus go bhfuil baint lárnach acu le misean na hollscoile.

Príomh-Thionscnaimh:

- **Claochlú Cultúrtha**
Cothófar inoiriúnaitheacht, nuálaíocht, peirspictíocht dhomhanda agus ionchuimsiú.
- **Creata Folláine**
Cuirfear le folláine na foirne agus cinnteofar comhdheiseanna do chách.
- **Caidreamh agus Guth na Foirne**
Cruthófar deiseanna do rannpháirtíocht bhríochna foirne i saol agus i gcinnteoireacht na hollscoile.
- **Cuntasacht Éagsúlachta agus Ionchuimsithe**
Tabharfar faoi neamhréireachtaí nuair a ctharlaíonn siad.
- **Cosáin Ghairme agus Soghluaisteacht Inmheánach**
Cinntefar deiseanna forbartha gairme soiléire laistigh de COC.
- **Déanfar an úsáid a bhainimid as ár spás fisiciúil a athshamhlú**
d'fhonn ár ndaoine, cultúr agus féiniúlacht ár n-institiúide a chumasú.

An bhrí leis seo dár ndaoine agus dár nollscoil:

- Forbrófar **acmhainní níos oiriúnaí** a thacaíonn agus a chuireann le folláine.
- Soláthrófar **eispéireas iontach** dár ndaoine go léir ag gach céim dá ngairmeacha in COC.
- Cuirfear níos mó **rochtana ar dheiseanna foghlama agus forbartha** ar fáil a bhaineann le huailmhianta gairme agus riachtanais na hollscoile.
- Déanfar **níos mó caidrimh lenár ndaoine** agus beifear meáite ar éisteacht le comhghleacaithe agus gníomhú ar an aiseolas a fhaightear uathu.
- Cruthófar timpeallacht oibre ina dtacaítear le **hobair hibrídeach**, cónascadh agus comhoibriú.



Tosaíocht 3.



Ceannaireacht a Spreagadh

Tá ceannaireacht láidir mar bhonn le feabhsú agus claochlú cutlúrtha.

Déanfaimid infheistíocht inár gcláir forbartha ceannaireachta i dtreo is go mbeidh na scileanna is gá ag ár mbainisteoirí agus ceannairí sinsearach chun a gcuid foirne a spreagadh, treoir a chur orthu agus tacú leo.

Déanfaimid athshamhlú ar ár soláthar i dtéarmaí cosáin agus deiseanna atá saincheaptha agus sonraithe nach ndíríonn ar chumas agus scileanna amháin ach a chuireann taithí agus eispéireas ar fáil a bheidh mar chúnamh dár gceannairí san am i láthair agus amach anseo.

Beidh Creat Ceannaireachta mar thaca le croíluachanna COC agus sainmhíneofar ann a bhfuiltear ag súil leis sna ról ceannaireachta agus bhainistíochta ag gach leibhéal.

Príomh-Thionscnaimh:

- **Creat Cumais Ceannaireachta** atá faoi réir ag cúrsaí straitéise.
- **Ag glacadh go fonnmhar lenár gCláir Chóitseála agus Mheantóireachta**
Tabharfar na scileanna do cheannairí chun tacú le foirne agus iad a spreagadh.
- **Pleanáil Comharbais agus Píblínte Ceannaireachta**
Cinntear leanúnachas agus dul chun cinn i bpríomhról.
- **Ceardlanna Feabhsaithe Cumais**
Neartófar cumais ceannaireachta ag gach leibhéal.
- **Cuirfear tús le Creat Ceannaireachta**
Déanfar ionchais agus caighdeáin do cheannairí COC a bheachtú.

An bhrí leis seo dár ndaoine agus dár nOllscoil:

- Ionchais leanúnacha agus **bearta feidhmíochta** agus aiseolas.
- Rachaidh ceannairí agus bainisteoirí i mbun **forbairt leanúnach** rialta mar ghnáthchleachtas.
- Tabharfar **an cumas do cheannairí** agus bainisteoirí chun bheith freagrach as gach gné d'obair a bhfoirne.
- **Forbrófar scileanna tábhachtacha** inár gceannairí agus bainisteoirí le haghaidh rathúlacht COC amach anseo.
- Cruthófar **píblíne láidir de dhaoine den scoth** le haghaidh na pleanála comharbais.



Tosaíocht 4.



Dul chun cinn le Saothar agus Fás

Chun tacú le cuspóirí fadtéarmacha COC, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil ár struchtúirí, córais agus beartais eagraíochtúla éifeach agus ullamh don am atá le teacht.

Tá géarghá le hacmhainní éifeachtacha chun misean agus cuspóirí straitéiseacha ár n-ollscoile a bhaint amach. Ní foláir lucht saothair a phleanáil faoi réir ag aidhmeanna na hollscoile. Cuirfimid straitéisí láidre le haghaidh acmhainní i bhfeidhm a shásóidh riachtanais amach anseo, aithneoidimid ról thábhachtacha, agus forbróimid píblínte de dhaoine den scoth. Áirítear leis seo pleanáil comharbais chun príomhfhóilúntais a ullmhú agus chun leanúnachas ceannaireachta a chinntiú.

Aithneoidimid go gcaithfear dul i ngleic go réamhghníomhach le deiseanna agus dúshláin sa ghné seo chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na daoine cearta sna rólí chearta ag an am ceart. Tá géaghá le cothromaíocht idir ualaí oibre chun folláine agus tairgiúlacht na foirne a chinntiú. Déanfaimid ualaí oibre reatha a mheas agus cuirfimid straitéisí i bhfeidhm chun iad a bhainistiú agus chun lántairbhe a bhaint astu. Seans go mbeidh feabhsuithe próiseas i gceist leis chomh chomh maith le coigeartuithe leithdháilte acmhainní agus bearta tacaíochta chun folláine a chinntiú agus chun timpeallacht shláintiúil oibre a chothú.

Le bheith san iomaíocht agus cúrsaí digiteacha ag athrú go tapa, ní mór dúinn na scileanna digiteacha cuí a thabhairt dár ndaoine. Áirítear sa straitéis seo againne clár oiliúna agus forbartha atá dírithe ar ár litearacht dhigiteach, anailísíocht sonraí, agus glacadh le AI. Cothófar cultúr d'fhoghlaim leanúnach chun a chinntiú go mbeidh ár ndaoine ullamh chun leas éifeachtach a bhaint as teicneolaíochtaí úra. Tá sé mar aidhm againn leis na tionscnaimh seo lucht saothair atá cumasach go digiteach agus iad lúfar, nuálach agus sábháilte.

Leanfaidh an t-athrú teicneolaíochta agus digiteach mar bhunchloch i straitéis ár ndaoine, rud a chinnteoidh go mbeidh ár n-ollscoil chun tosaigh ó thaobh cúrsaí digiteacha i gcónaí. Beidh tionscnaimh athraithe bhainistíochta mar oiliúint struchtúrtha agus mar thacaíocht leanúnach mar chúnamh dár ndaoine dul i ngleic agus glacadh le modhanna digiteacha san obair. Díreofar ar chlaonlú iompraíochta agus próiseas mar aon le feidhmiú teicneolaíochta agus mar thoradh air sin cruthóimid áit oibre, ní hamháin atá cumasaithe go digiteach, ach atá lúfar, comhoibritheach agus réidh don am atá le teacht.

De bharr na cianoibre, tá deiseanna ann anois le haghaidh níos mó neamhspleáchais agus tairgiúlachta ach tá dúshláin ann leis maidir le comhoibriú, caidreamh foirne agus cultúr na háite oibre. Cuirfidh an straitéis seo againne cruth ar bheartais chianoibre chun deimhin a dhéanamh de go dtacaíonn siad le riachtanais na hollscoile agus le roghanna aonair. Áirítear leis seo infheistíocht in uirlisí digiteacha chun comhoibriú ó chian a fheabhsú, ag bunú ionchais shoiléire maidir le caidreamh idirphearsanta seachas fíorúil, agus ag cinntiú go bhfuil cothromaíocht ann maidir le rochtain ar shocrúithe cianoibre i ról éagsúla.



- **Pleanáil agus Acmhainní don Lucht Saothair**
Riachtanais fosaíochta a chur faoi réir ag cuspóirí na hinstiúide
- **Samhlacha Solúbtha agus Lúfara an Lucht Saothair**
Rachfar i ngleic le riachtanais acadúla agus seirbhíse gairmiúla atá ag athrú.
- **Bainistiú Ualái Oibre**
Cinntear go mbainfear leas as cur chuige cothrom atá sláintiúil, táirgiúil agus a thugann deiseanna chun teacht ar ghníomhaíochtaí a shíneann agus a fhorbraíonn.
- **Pleanáil Comharbais**
chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil ár ndaoine eagraithe agus ullamh dár riachtanais amach anseo agus a n-uaimhianta feasta.
- **Claochlú Teicneolaíochta agus Digiteach**
Feabhsófar scileanna digiteacha agus céadsmaointeoireacht dhigiteach, AI, agus sinn réidh sa todhchaí.
- **Cothromaíocht Oibre is Saoil agus Folláine**
Cothófar cleachtais oibre inbhuanaithe a thacaíonn le folláine na foirne.

An bhrí leis seo dár ndaoine agus dár nOllscoil:

- **Córais phleanála an lucht saothair** a leabóidh pleanáil straitéiseach an lucht saothair in ár gcuid réamhphleanála.
- **Cleachtais oibre** atá, ní hamháin cumasaithe go digiteach, ach atá níos lúfaire agus níos comhoibrithe agus iad ullamh don am atá le teacht.
- **Ualái oibre cothroma** i dtreo is go mbeidh ár ndaoine folláin agus táirgiúil.



Tosaíocht 5.

Éifeachtúlacht Eagraíochtúil

Leis an bPlean Daoine agus Cultúir, cinnteoidimid go mbeidh éifeachtúlacht níos fearr ar fud na hollscoile agus cultúr comhoibritheach cuntasach á leabú againn ar fud na hollscoile ina gcuirtear feabhas leanúnach ar chúrsaí agus ina n-imríonn ceannaireacht le dealramh agus lán fiúntas ról lárnach. Ní bhaineann éifeachtúlacht eagraíochtúil le feabhsú próiseas amháin ach leis na coinníollacha a chruthú dár ndaoine ina mbláthóidh siad agus ina gcuirfidh siad go mór le misean na hollscoile. Agus saol na hoibre ag athrú de bharr na nuálaíochta digítí, na hintleachta saorga, agus samhlacha an chomhoibrithe atá ag athrú, ní mór cur chuige straitéiseach agus oiriúnaitheach a bheith againn. Beimid mar thaca le neartú lúfaireacht ár n-eagraíochta ina gothóimid cultúr an lucht saothair atá réidh go digiteach, dírithe ar an am atá le teacht agus iad ábalt ar obair den chéad scoth a dhéanamh le soiléireacht agus le cuspóir.

Imreoidh ár bhfoireann Daoine agus Cultúir ról lárnach agus an t-athrú seo á chur chun cinn—ag tacú le ceannairí, bainisteoirí agus foirne chun athmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre, a gcuid ceannaireachta agus a gcuid cinntí.

Mar chuid de seo, cuirfear le cumas ceannaireachta, cothófar meon atá bunaithe ar chinnteoireacht ó thaobh na fianaise de agus cuirfear lenár luachanna institiúideacha i ngach gné dár gcuid feidhmíochta.

Príomh-Thionscnaimh:

- **Ceannaireacht Bunaithe ar Luachanna a Chumasú** i dtreo is go mbeidh ceannairí ag gach leibhéal inann cultúir éifeachtúlachta agus iontaoibhe a chothú atá faoi réir ag cúrsaí straitéise.
- **Anailísíocht an Lucht Saothair le haghaidh na Cinnteoireachta** chun sonraí cruinne, tráthúla agus soiléire a sholáthar mar thaca le pleanáil eolach agus lúfar.
- **Uirlisí Cumasaithe Dhigitigh agus Féin-Seirbhíse** le go mbeidh an fhoireann in ann oibriú níos éifeachtúla i spásanna agus úsáid níos éifeachtúla a bhaint astu le hardáin inrochtana agus iad áisiúil don úsáideoir.
- **Optamú Próiseas agus Sreafa Oibre** Déanfar na príomhphróisis a chuíchóiriú agus a uathoibriú chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus an cumas straitéise a dhíghlasáil.

An bhrí leis seo dár ndaoine agus dár nOllscoil:

- Bheadh **lucht saothair ardfheidhmíochta** níos comhtháite ann a bheadh faoi réir ag tosaíochtaí sraitéiseacha COC.
- **Ceannaireacht agus cinnteoireacht** atá bunaithe ar shonraí agus luachanna na hinstiúide mar bhonn leo.
- **Uirlisí digiteacha simplithe agus inrochtana** chun go mbeidh an fhoireann in ann níos mó ama a dhíriú ar obair le dealramh seachas ar thascanna riaracháin.
- **Cultúr eagraíochtúil uasdátaithe** mar a bhfuil éifeachtúlacht, solúbthacht agus nuálaíocht leabaithe sa chleachtas laethúil.



Bearta ár Rathúlachta

Chun go mbainfear amach cuspóirí an Phlean Daoine agus Cultúir, leagfaimid amach bearta soiléire atá bunaithe ar thorthaí agus iad faoi réir ag ár gcúig thosaíocht.

Léireofar sna bearta seo ár gcumas chun foireann den scoth a mhealladh agus a choinneáil, chun cultúr ionchuimsitheach agus gafa a chothú, chun ceannaireacht a fhorbairt, chun tacú le fás agus feidhmíocht, agus chun eagraíocht níos éifeachtúla agus níos lúfaire a chumasú.

Nuair a chuirtear le chéile iad, seasann siad dár dtiomantas d'ollscoil a chruthú ina mblátháíonn ár ndaoine agus iad ag cur le barr feabhais na hinstiúide.

Ar na bearta seo tá

- **Scóir rannpháirtíochta agus chaidrimh** le beart caidrimh dírithe ar fhostaithe chun eispéireas na foirne a thabhairt chun solais maidir le rochtain chothrom ar dheiseanna agus modhanna measúla oibre ar fud na hollscoile.
- Is ionchuimsitheach iad **ár ngníomhaíochtaí meallta foirne agus caidrimh fostaithe** ina mealltar comhgleacaithe féideartha ó raon leathan cúlraí **Déanann na cleachtais earcaithe soláthar ar na daoine éagsúla a bhfuil gá againn leo;**

braitheann iarrthóirí go bhfuil ár gcuid próiseas ionchuimsitheach agus fáiltiúil.

- Tapaítear na deiseanna amach anseo **le seisiún phleanála bliantúla do dhaoine ag an leibhéal áitiúil** ina ndéantar pleanáil comharbais agus ina bhforbraítear foireann den scoth.

Tá creat ceannaireachta mar thaca lenár gcroílucachanna agus leagtar amach ann a bhfuiltear ag súil leis uathu siúd a bhfuil ról cheannaireachta nó bhainistíochta acu.

- Tá **Straitéis Folláine** mar chreat chun socruithe solúbtha oibre agus tacaíocht folláine a chur ar fáil dár ndaoine uile de réir mar is gá.

Tacaófar le samhlacha ualaí oibre a fhorbairt d'fhonn cothromaíocht ó thaobh leithdháilte de a chinntiú.

- Tá curtha ag **teicneolaíochtaí ar líne** le héifeachtúlacht na bpróiseas riaracháin san ollscoil.
- **Líonfar ón tús** an chuid is mó de phoist leis na sárdhaoine cuí.
- Cothófar agus spreagfar dea-chaidreamh lenár **gceardchumann aitheanta** agus le hiondadaithe fostaíochta eile.





Plean Gníomhaíochtaí

Chun go mbainfear na torthaí seo amach, curifimid clár gníomhaíochtaí struchtúrtha i bhfeidhm, thar thréimhse an phlean a mbeidh baint ag ár bpáirtithe leasmhara go léir leis i dtreo is go n-éireoidh leis.

- **Bliain 1 (2025): Bunús**
cuirfear tús le creata, córais agus cumasú ceannairí.
- **Bliain 2 (2026): Géarú**
cuirfear tús le cosáin forbartha saincheaptha, pleanáil bunaithe ar shonraí agus optamú.
- **Bliain 3 (2027): Leabú**
cinnteofar go mbeidh tionscnaimh inbhuanaithe agus go mbeidh aibíocht i gcumas digiteach agus ceannaireachta.

Cuirfimid beocht inár bPlean Daoine agus Cultúir lenár bpróiseas bliantúil sa phleanáil oibríochtúil. Déanfaidh Foireann Ceannais na hollscoile maille leis an Údaras Rialaithe monatóireacht ar dhul chun cinn ár bPlean Daoine agus Cultúir le hathbhreithniú gach ráithe agus tuairisciú bliantúil. Cinntíonn amhlaidh cuntasacht agus go bhfeidhmeofar faoi réir ag straitéisí na hinstiúide.

Nuair a chuirtear le chéile iad, beidh na bearta agus na gníomhaíochtaí seo mar thaca lenár bhfís go mbeidh COC mar ollscoil ina mbláthaíonn daoine, ina bhfuil ceannairí spreagúla agus ina ngríosaíonn nuálaíocht pobal spleodrach acadúil agus gairmiúil.



UCC

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland